# Scéal, Scéal, Scéal…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

18 Iúil 2024 Eagrán 205



Cladaí Chois Fharraige, Cuan na Gaillimhe 7 an Bhoireann ar an taobh thall
Grianghraf: Míċeal Ó Loċlainn

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## Oifig ag Conradh na Gaeilge 7 Dréimire i gCois Fharraige



Tá oifig nua oscailte ag Conradh na Gaeilge ar an Tulaigh i gCois Fharraige, an t-aon oifig Ghaeltachta de chuid na heagraíochta.

Tá an oifig lonnaithe i dTigh Johnny Sheáin, san áit chéanna a bhfuil Fíbín agus Pota. D'oscail Gearóid Mac Donncha, ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta, an láthair go hoifigiúil ar an 27 Meitheamh.

Dúirt Róisín Ní Chinnéide, Bainisteoir Abhcóideacha le Conradh na Gaeilge ó dheas:

> Cúis mhór áthais dúinn an Oifig Ghaeltachta seo a oscailt. Tá seo ag teacht le rún a ritheadh ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge in 2021 oifig a oscailt sa Ghaeltacht, agus le fís fhadbhunaithe na heagraíochta ionad a bheith againn sa Ghaeltacht. Tá an Ghaeltacht ag croí-lár na hoibre a dhéanaimid, agus sinn lonnaithe anseo, beimid ábalta comhoibriú níos fearr fós le pobal áitiúil na Gaeltachta mar aon le heagraíochtaí teanga agus cumarsáide atá lonnaithe sa mhór-cheantar, agus ag an am céanna bheith ag tacú go gníomhach le hinfheistiú Gaeltachta taobh seo tíre. Beidh an doras oscailte do chách agus iarraimid ar an bpobal bualadh isteach chugainn am ar bith a mbíonn comhairle, cabhair nó comhluadar de dhíth.

Lonnaithe san oifig chéanna beidh an comhlacht seirbhísí teanga, Dréimire. Bunaíodh Dréimire in 2020 agus cuireann an comhlacht seirbhísí aistriúcháin, profála agus guthaithe ar fáil, chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta agus pleanála teanga. Dúirt Hannah Ní Dhoimhín, Bainisteoir Dhréimire: Seirbhísí Teanga:

> Is forbairt thábhachtach agus thar a bheith dearfach do Dhréimire: Seirbhísí Teanga é seo. Tá oscailt na hoifige seo ag teacht le forbairtí móra eile atá ag tarlú sa gcomhlacht, agus muid ag cur leis an réimse seirbhísí a chuireann muid ar fáil agus lenár mbonn cliant.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifig nua Chonradh na Gaeilge trí ríomhphost ag roisin.nichinneide@cnag.ie agus le Dréimire ag hannah@dreimire.ie.

## Ionad Óige 7 Oideachais i gCois Fharraige

Cuireadh fáilte mhór roimh an scéala go bhfuil cead pleanála faighte ag Údarás na Gaeltachta d'fhorbairt nua d'Ionad Óige agus Oideachais ar shuíomh Choláiste Lurgan in Indreabhán.

Ceadaíodh €315,000 don Údarás le hiarratas ar chead pleanála a réiteach agus a dhéanamh. Eagraíodh cruinnithe agus grúpaí fócais leis an ábhar a phlé leis an bpobal agus le moltaí an phobail a fháil.

Beidh halla ilfheidhmeach, seomraí ranga, cistineach agus oifigí san ionad nua. Beidh spás spraoi agus láthair pháirceála taobh amuigh de. Dúradh cheana go rabhthas ag súil go mbeadh an t-ionad nua réidh faoi Fhómhar 2025. Tuigtear gur €10 milliún a chosnóidh sé.




Faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Údarás na Gaeltachta a bheas sé agus is Coláiste Lurgan a bheidh mar phríomhthionónta ann le linn cúrsaí Gaeilge an tsamhraidh. Áis oideachais, óige, spóirt agus pobail a bheas ann an chuid eile den bhliain.

Dúradh go gceapfaidh an tÚdarás bainisteoir don ionad amach anseo agus go mbunófar coiste comhairleach chomh maith. Dúirt Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Tomás Ó Síocháin, le *Tuairisc*:

> Tá géarghá le hionad mar seo a thacóidh le forbairt phearsanta, oideachasúil agus shóisialta ár ndaoine óga sa Ghaeltacht. Táimid tiomanta do thodhchaí rathúil a chinntiú don chéad ghlúin eile agus is céim mhór chun tosaigh é seo chun é sin a bhaint amach.

Dea-scéala é seo do phobal Chois Fharraige – áit a bhfuil bearna mhór sna háiseanna atá ar fáil do dhéagóirí go háirid.

## CLAOCHLÚ – campa do hhéagóirí

Beidh an campa amharclannaíochta 7 scannánaíochta CLAOCHLÚ ar bun i Stiúideo Cuan sa Spidéal ón 6–10 Lúnasa 2024 (Máirt go Satharn).

Tá CLAOCHLÚ dírithe ar dhéagóirí idir 13–17 bliain, a bhfuil suim acu i gceird na hamharclannaíochta 7 na scannánaíochta.

Tiocfadh grúpa daoine óga le chéile chun a gcuid cruthaitheachta agus a bhféin-mhuinín a spreagadh. Leagfar béim ar leith ar fhorbairt phearsanta an duine agus tá clár cuimsitheach imeachtaí sóisialta lárnach sa gcampa chomh maith.

Claochlú

Déagóirí á gcumasú le scéalta nua a chruthú

Beidh ceardlanna praiticiúla i gcúrsaí ceamaradóireachta, eagarthóireachat, aisteoireachta, scríbhneoireachta agus stiúradh ar fáil.

Beidh cúigear áisitheoirí gairmiúla, áitiúla – Paul D'Eath, Mali Uí Chlochartaigh, Simon Ó Baoighill, Caitríona Ní Dhomhnaill 7 Darach Mac Con Iomaire – i mbun an chúrsa.

Níl aon chostas ar an gcúrsa ach ***caithfidh*** rannpháirtithe a bheith i láthair ag ***na seisiúin ar fad, chuile lá,*** idir 10–6.00 i.n.

Is í an Ghaeilge teanga oibre an chúrsa agus ní mór d’iarrathóirí Gaeilge a bheith ar a dtoil acu le bheith páirteach.



Is féidir clárú don champa ar láithreán Stiúidió Cuan.

Úsáid **foirm amháin do gach déagóir**, fiú má bhíonn níos mó ná déagóir amháin as aon teaghlach ag iarraidh a bheith páirteach.

## Corn Uile Éireann ar Pháirc na mBreathnach




Beidh foireann Pheil na mBan faoi 14 na Gaillimhe, a bhuaigh Craobh na hÉireann roinnt seachtainí ó shin, ag tabhairt an choirn ar chamchuairt timpeall an chontae ar an Domhnach beag seo chugainn, 21 Iúil 2024.

Buailfidh siad isteach chuig clubanna a gcuid imreoirí – mar sin, tabharfaidh siad cuairt ar Chumann Mhicheál Breathnach, club baile Niamh Ní Ghionnáin!

Tá súil go mbeidh siad ag Páirc na mBreathnach ar an gCnoc thart ar 5.00 i.n. Iarrtar ar an bpobal a theacht amach le fáilitiú roimh an bhfoireann agus an gcorn agus iarrtar ar dhaoine bratacha an Chumainn agus na Gaillimhe a bheith leo. Tá éacht curtha i gcrích ag Niamh agus a chomhpheileadóirí.

Is cinnte go mbeidh an-ócáid ann! Comhghairdeachas leo arís!

## Cuid de fhoirne rathúla an cheantair



Bhí tinte ar lasadh agus bratacha á gcroitheadh ó Dhoire Locháin go sráidbhaile an Spidéil nuair a d'fill foireann peile na gCailíní faoi 14 agus sciath an chontae buaite acu. Seo an dara sciath contae ag cailíní an chlub le coicís anuas mar gur thug na cailíní faoi 16 corn an chontae leo ina rannóg féin freisin.



Tá buachaillí faoi 15 Mhicheál Breathnach cáilithe do chluiche leathcheannais peile an chontae mar gur bhuail siad foireann Chathair Liostráin ar a bhfód dúchais leis an scór breá 3:18 in aghaidh 1:07. Seans ar ghradam contae eile san bpobal anois!

Treise leo ar fad!

## Siopa Chumann Sacair Chois Fharraige

"Tá an geimhreadh seo 'tíocht fuar" a deir an t-amhrán. Bhuel, "bí réidh" a deir Cumann Sacair Chois Fharraige!

Faigh geansaí nó seaicéad breá ó shiopa ar-líne Chumann Sacair Chois Fharraige le tú a choinneáil te, teolaí tríd an séasúr uilig! Tá rogha bhreá geansaithe, málaí, hataí agus eile acu, d'fhir, do mhná 7 do ghasúir.

***Caithfear orduithe a dhéanamh roimh an 24 Iúil.***

# Campaí do pháistí

## Campaí spraoi

Tá spásanna fós ar fáil sa dá champa spraoi atá á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa Spidéal idir **5–16 de mhí Lúnasa**.




Is féidir freastal ar champa seachtaine nó an choicís ar fad a dhéanamh.

Seol teachtaireacht ríomhphoist chuig optchoisfharraige@gmail.com más mian leat páiste a chlárú.

## An campa ealaíne 7 aireachais

Tá roinnt spásanna ar fáil freisin sa gcampa ealaíne agus aireachais trí lá, **7–9 Lúnasa**, atá á eagrú ag Katie Mc Greal agus Nuala Ní Fhlathúin do ghasúir idir **6–11 bliain**.




Sa seomra pobail atá ag Comhlacht Forbartha an Spidéil, ó thuaidh de Cheartdlann an Spidéil, a bheas sé ar bun.

Tá chuile eolas le fail ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag katie@solasrelaxation.com.

## Moladh na seachtaine

*Eimear Ní Chonala*

Croch leat do chuid bróga reatha, ceapaire, culaith shnámha agus buidéal uisce agus tug d'aghaidh siar amach, siar thar Chasla, Leitir Móir, Tír an Fhia, cas ó dheas ansin agus ní fada go mbeidh tú i gceartlár bhaile na Trá Báine.



Síos leat ar an trá. Is iomaí rogha atá anois agat. Féadfaidh tú cúpla uair a chloig a chaitheamh go suaimhneach ag sú na gréine. Nó má tá fonn siúlóide ort, féadfaidh tú tabhairt faoi Lúibín Gharumna (ar dheis), siúlóid naoi gciliméadar ar fhad. Má tá an t-aistear sin rófhada, is féidir an cosán cladaigh a shíneann leis an bhfarraige go dtí Céibh Dhoirín Darach a shiúl. Cosán álainn atá ann agus beidh tú ag breathnú amach ar Chuan an Fhir Mhóir, An Cheathrú Rua, ar Árainn na Naomh agus ar Chontae an Chláir. Feicfidh tú currachaí agus báid mhóra, fraoch corcra agus an t-aiteann buí-órga, nóiníní bána agus claíocha a thóig muintir na Trá Báine sna blianta siar.



Má choinníonn tú súil ghéar amach tiocfaidh tú ar thobar beannaithe P, áit a ndeirtear go bhfuil leigheas súl le fáil. Tá an tobar greannta sa gcloch macasamhail na litreach P. Is iomaí láir capaill agus searrach a chasfar ort, ach oiread le corr choinín. Ag Céibh Dhoirín Darach, lean Siúlóid Shlí Chonamara go dtí go dtiocfaidh tú anuas bóthar na Trá Báine arís.

Ní bheinn ag deifriú abhaile ach oiread. Mholfainn go láidir do chulaith shnámha a tharraingt ort fhéin agus léimreach isteach in uiscí gléigeala, gorma na Trá Báine atá i bhfad níos teocha ná aon áit eile i gConamara! Níl feamainn ná smugairle róin le feiceáil.

Sín siar sa bhfarraige duit féin agus sú isteach áilleacht na háite agus an suaimhneas. Scaoil uait amach ar bharr na toinne trá cúraimí an tsaoil agus aon imní eile atá ort.